Intreo | Partner

**Seirbhísí Fostaíochta**
Employment Services

# An tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta (NES)

# Intreo: Réamhrá don tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta

# Fáilte

- Fáilte chuig an tSeirbhís Fostaíochta Náisiúnta Comhpháirtí Intreo
- Is seirbhís í SNF a chuirtear ar fáil faoi chonradh don Roinn Coimirce Sóisialaí
- Mar chuardaitheoir poist, ag fáil íocaíocht Cuardaitheora Poist ó Intreo, atreoraíodh thu chuig an tseirbhís seo
- Tabharfaidh an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta tacaíocht duit agus tú ag lorg fostaíochta nó athfhostú



# Cad a dhéanann Intreo duit

1. Soláthraíonn sé tacaíocht ioncaim duit agus tú ag cuardach poist.
2. Cabhraíonn sé leat neamhspleáchas airgeadais a bhaint amach trí chabhrú leat post a fháil nó gnó a thosú.
3. Soláthraíonn sé aon tacaíochtaí ioncaim ábhartha duit nuair a fhaigheann tú fostaíocht nó féinfhostaíocht.

# Fáilte chuig an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta (NES)

Tabharíaidh an cur i láthair seo a léanas léargas maith duit ar an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta (NES). Tagann an chéad chuid ó Intreo, agus ina dhiaidh sin tá roinnt faisnéise breise ó do Sholáthraí Seirbhíse Comhpháirtf Intreo, Seetec.

Tá ár seirbhís curtha in oiriúint do do chuid riachtanas agus tacóidh sé leat ar do thuras roghnaithe chuig fostaíocht lánaimseartha.

# Faoi Seetec

Is cuideachta faoi úinéireacht fostaithe é Seetec. In éineacht lenár gcomhpháirtithe tá seirbhísí infhostaitheachta agus oiliúna á seachadadh againn in Éirinn ó 2015 i leith. Táimid paiseanta faoi oibriú inár bpobail agus cabhrú le saol ár gcliant a fheabhsú trí fhostaíocht inbhuanaithe.



# Coinníollacha d'Íocaíocht an Lucht Iarrtha Oibre

1. Caithfidh tú a bheith ar fáil do obair lánaimseartha agus í a bheith á lorg go dáiríre agat.
2. Caithfidh tú leas a bhaint freisin as na seirbhísí agus na tacaíochtaí a chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí (RCS) ar fáil duit agus tú ag lorg oibre lánaimseartha.
3. Ar ceann de na tacaíochtaí sin tá an tSeirbhís Fostaíochta Náisiúnta Chomhpháirtí Intreo agus tá rannpháirtíocht inti éigeantach.

# Obair Pháirtaimseartha agus Mic Léinn Pháirtaimseartha

- Má tá tú ag obair go páirtaimseartha, ba chóir duit do Chomhairleoir Fostaíochta a chur ar an eolas faoi do phatrún oibre ionas gur féidir coinneanna a sceidealú agus do chuid dualgas oibre á gcur san áireamh.

- Má tá tú ag glacadh páirte faoi láthair i gceann de na Scéimeanna Oideachais Páirtaimseartha, m.sh. Springboard Páirtaimseartha, ba chóir duit do Chomhairleoir Fostaíochta a chur ar an eolas faoi aon ghealltanais chúrsa agus coinneanna á socrú. Caithfidh tú leanúint ar aghaidh ag plé leis an tseirbhís.

# Oibrithe Féinfhostaithe

- Má tá tú féinfhostaithe faoi láthair ach ag obair ar bhonn páirtaimseartha, ba chóir duit do Chomhairleoir Fostaíochta a chur ar an eolas faoi do phatrún oibre ionas gur féidir coinneanna a sceidealú agus do chuid dualgas oibre á gcur san áireamh.

- Má tá tú féinfhostaithe faoi láthair agus ag obair ar bhonn lánaimseartha agus, dá bhrí sin, nach bhfuil tú in ann dul i mbun rannpháirtíochta, ba chóir duit d'oifig áitiúil Intreo a chur ar an eolas agus athbhreithniú ar d'Íocaíocht an Lucht Iarrtha Oibre a sceidealú.

# SNF agus Scéimeanna Fostaíochta Pobail

- Féadfaidh daoine atá ag baint leasa as an tseirbhís seo páirt a ghlacadh freisin i scéimeanna Fostaíochta Pobail (CE) nó Tús atá ar fáil do dhaoine atá dífhostaithe le fada an lá.
- Caithfidh tú leanúint ar aghaidh ag obair leis an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta chun fostaíocht lánaimseartha inbhuanaithe a aimsiú, agus beidh sé mar choinníoll chun an socrúchán oibre a ghlacadh go dtabharfaidh tú gealltanas leanúint ar aghaidh ag plé leis an SNF.
- Má tá tairiscint socrúcháin faighte agat cheana féin ar scéim, déan teagmháil le do sheirbhís áitiúil Intreo le haghaidh comhairle.



Intreo Partner

# Do Shonraí

- Oibríonn Seetec Seirbhís Náisiúnta Fostaíochta Chomhpháirtí Intreo faoi chonradh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.
- Cuireann Seetec an tseirbhís ar fáil de réir Achtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003.
- Tá Seetec faoi réir Rialachán Ginearálta an AE maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) freisin.
- Tá an Roinn ag gníomhú de réir phrionsabail na Cosanta Sonraí agus do shonraí á roinnt le Seetec chun seirbhís fostaíochta a chur ar fáil duit.

Intreo Partner

# Do Dhualgais

- Ní mór duit freastal ar ddo choinní sceidealaithe agus dul I dteagmháil le Serbhís Fostaíochta Náisiúnta Comhpháirtí Intreo.
- Murs ndéanann tú amyhlaidh d'fhéadfadh go gcaillfí do theidlíocht ar íocaíocht Cuardaitheora Poist.
- Ní mór duit do Intreo áitoúil a chur ar an eolas faoi aon athrú ar do chúinsí i gcomhdhéanamh do theaghlaigh, d'ioncam, do stádas fostaíochta d'infhaighteacht chun oibre nó d'fheidhmiúlacht chun oibre. D'fhéadfadh mead nó laghdú ar thacaíocht do chuardaitheora poist a bheith mar thoradh ar athruithe dá leithéid.

Intreo Partner

# Tacaíochtaí in-obair



# Guíonn Intreo gach rath ort ar do thuras leis an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta.

# Cuireann Seetec fáilte romhat chuig an tSeirbhís Náisiúnta Fostaíochta

Intreo Partner

# Do Thuras NES

**Do Chomhairleoir Fostaíochta –** ag tacú leat chun do spriocanna a bhaint amach

**Do Phlean Dul Chun Cinn Pearsanta** – nuashonraithe i rith do thréimhse leis an tseirbhís

**Cabhair le do CV** – oibreoimid leat chun do CV agus do scileanna cuardaigh poist a fheabhsú

**Táillí** - Déanfaimid aisíocaíocht ar chostais taistil do choinneanna sceidealta. De ghnáth, íocfar na costais taistil ar an modh is saoire agus beidh admhálacha ag teastáil. I gcás nach bhfuil iompar poiblí ar fáil, féadfar míleáiste feithicle a íoc. Mura gcuirtear éilimh isteach laistigh de thrí mhí ón turas, d'fhéadfadh sé nach n-íocfar na costais.

Intreo Partner

# Your NES journey

**Acmhainní Ar Líne** – cabhróidh do Chomhairleoir Fostaíochta leat rochtain a fháil

**D'Fhoireann Seirbhísí Fostóra** – cuirfidh siad ar an eolas thú faoi róil a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach duit

**Do Phlean Fillte ar an Obair** – is féidir linn tacú leat le roinnt costais fillte ar an obair, amhail éadaí oibre, éide nó costais taistil tosaigh

**Tacaíocht Leanúnach** – coinneoimid i dteagmháil leat agus tú i mbun oibre

Intreo Partner

# Do Chuid Faisnéise Pearsanta

Glacaimid slándáil do chuid faisnéise pearsanta go han-dáiríre agus de réir Achtanna um Chosaint Sonraí 1988–2018, agus Rialachán Ginearálta an AE maidir le Cosaint Sonraí (GDPR).

Tá bearta teicniúla agus eagraíochtúla curtha i bhfeidhm againn chun an fhaisnéis seo a chosaint i gcónaí. D'fhéadfaimis faisnéis a bhaineann le fostaíocht a chur ar aghaidh chuig cuideachtaí dlisteanacha mar chuid dár dtiomantas cabhrú leat fostaíocht lánaimseartha a fháil.

Dá mba mhian leat aon ábhar íogair a phlé, beidh áthas orainn socrú a dhéanamh chun go bhféadfaí an plé sin a dhéanamh i seomra cruinnithe ar leith.





# Meas Frithpháirteach

Tá meas frithpháirteach ar cheann dár bpríomhluachanna. Beidh muid i gcónaí béasach, toilteanach cabhrú agus measúil i do leith.

Mar mhalairt air sin, táimid ag súil go mbeidh tú béasach agus measúil dár gcomhghleacaithe, do chliaint eile a bhíonn ag freastal ar ár seirbhísí, agus d'fhostóirí.



# Éistimid Leat

Déileálaimid le gach cliant go cothrom agus mar dhuine aonair. Má mhothaíonn tú riamh nach amhlaidh atá, cuir in iúl dúinn é le do thoil.

Má tá aon imní nó ceisteanna agat, ba mhaith linn cloisteáil uait - ardaigh iad le do Chomhairleoir Fostaíochta nó lena mBainisteoir.

Mura réitítear aon cheist chun do shástachta, cuir do chuid imní i scríbhinn chuig:

Service Support Centre, Seetec Employment and Skills Ireland, 2nd Floor Riverside Development, MulhuddartVillage, Dublin 15

nó seol ríomhphost chuig: complaints@seetec.ie

Intreo Partner

# Eolas Breise agus Ár bPolasaithe

Ar ár suíomh gréasáin is féidir leat tuilleadh eolais a fháil ar na nithe seo a leanas:

**Pacáiste Faisnéise do Chliaint:**

Comhpháirtí-Intreo-An-tSeirbhís-Náisiúnta-Fostaíochta-Pacáiste-Eolais-do-Chliaint

Cosaint: https://www.seetec.ie/safeguarding-policy

Beartas Príobháideachais: https://www.seetec.ie/privacy-policy

Seirbhís do Chustaiméirí agus Gearáin: https://www.seetec.ie/contact#customer-service

# Comhionannas agus Éagsúlacht

Mar sholáthraí seirbhíse Chomhpháirtí Intreo, cuirimid luach ar dhifríochtaí agus ar láidreachtaí gach duine aonair, agus déanaimid gach duine a chóireáil go cothrom chun acmhainneacht na héagsúlachta a uasmhéadú.

Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina féidir le gach duine obair agus foghlaim gan idirdhealú. Má tá tú féin, nó daoine mórthimpeall ort, á gciapadh nó á n-idirdhealú ina gcoinne - **TUARASCAIL É**.

Intreo Partner

Cuir ceisteanna ar bith le do Chomhairleoir Fostaíochta le do thoil

Go raibh maith agat

Thank you

Intreo
Partner